codáin

Is cuid de rud iomlán é codán.

Is cóca iomlán é seo.



Is codán beag den chóca iomlán é an píosa seo.

Is codán mór den chóca iomlán é an píosa seo.

Tuilleadh samplaí de chodáin.



Tá an t-oráiste seo gearrtha ina dhá phíosa chothroma. **Dhá leath** is ea iad.

Tá an t-oráiste seo gearrtha ina thrí phíosa chothroma. **Trí thrian** is ea iad.

Tá an t-oráiste seo gearrtha ina cheithre phíosa chothroma. **Ceithre cheathrú** is ea iad.

Tá dath gorm ar leath amháin den chearnóg agus tá dath buí ar an leath eile.

$$\frac{1}{2}+\frac{1}{2}=\frac{2}{2}=1$$

Tá dath gorm ar cheathrú amháin den chearnóg agus tá dath buí ar na trí cheathrú eile.

$$\frac{1}{4}+\frac{3}{4}=\frac{4}{4}=1$$

Tá dath gorm ar thrí ochtú den chearnóg agus tá dath buí ar na cúig ochtú eile.

$$\frac{3}{8}+\frac{5}{8}=\frac{8}{8}=1$$

An Gúm